Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

12333/23

LIMITE

CORLX 803
CFSP/PESC 1150
CONOP 69

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tacaíocht ón Aontas do ghníomhaíochtaí Choimisiún Ullmhúcháin Eagraíocht an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBTO) chun a chumais faireacháin agus fíoraithe a neartú |

**CINNEADH (CBES) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir le tacaíocht ón Aontas do ghníomhaíochtaí Choimisiún Ullmhúcháin Eagraíocht an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBTO) chun a chumais faireacháin agus fíoraithe a neartú**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Nollaig 2003, ghlac an Chomhairle Eorpach Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta ('an Straitéis'). I gCaibidil III den Straitéis tá liosta de na bearta is gá a dhéanamh chun an leathadh sin a chomhrac.

(2) Tá an Straitéis á cur chun feidhme go gníomhach ag an Aontas agus tá éifeacht á tabhairt aige do na bearta atá liostaithe i gCaibidil III di, go háirithe trí acmhainní airgeadais a scaoileadh chun tacú le tionscadail shonracha arna gcur i gcrích ag institiúidí iltaobhacha, amhail Rúnaíocht Theicniúil Shealadach Eagraíocht an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBTO).

(3) Tá cinneadh déanta ag na Stáit is Sínitheoirí leis an gConradh um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBT) Coimisiún Ullmhúcháin a bhunú, dá dtabharfar inniúlacht dhlítheanach agus a bheidh ina eagraíocht idirnáisiúnta chun cur chun feidhme éifeachtach CTBT a chur i gcrích, go dtí go mbunófar CTBTO.

(4) Is cuspóirí tábhachtacha na Straitéise iad teacht i bhfeidhm luath agus uiliú CTBT agus córas faireacháin agus fíoraithe Choimisiún Ullmhúcháin CTBTO a neartú.

PUBLIC

(5) In *'Securing our Common Future: an Agenda for Disarmament'* [Ár dTodhchaí Chomhchoiteann a Dhaingniú: Clár Oibre um Dhí-Armáil], luaigh Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe, trí CTBT, gur cuireadh moill ar rás na n-arm trí shrian a chur le hardchineálacha arm núicléach a fhorbairt agus ina theannta sin, go bhfuil sé ina bhacainn normatach chumhachtach ar Stáit a d'fhéadfadh iarracht a dhéanamh airm núicléacha a fhorbairt, a mhonarú agus a fháil ina dhiaidh sin de shárú ar a ngealltanais maidir le neamhleathadh.

(6) Tagraíonn Compás Straitéiseach 2022 um Shlándáil agus Cosaint don bhagairt leanúnach a bhaineann le leathadh na n-arm ollscriosta agus a modhanna seachadta, do na harmlanna núicléacha leathnaitheacha, d'fhorbairt córas nua arm mar aon le húsáid bagairtí núicléacha arna ndéanamh ag roinnt tíortha, agus cuirtear in iúl ann cuspóir an Aontais gníomhaíochtaí nithiúla a threisiú mar thaca le spriocanna na dí-armála, an neamhleata agus an rialaithe arm.

PUBLIC

(7) Faoi chuimsiú chur chun feidhme na Straitéise, ghlac an Chomhairle trí Ghníomhaíocht Chomhpháirteacha agus cúig Chinneadh maidir le tacaíocht do ghníomhaíochtaí Choimisiún Ullmhúcháin CTBTO, is iad sin Gníomhaíochtaí Chomhpháirteacha 2006/243/CBES[1], 2007/468/CBES[2] agus 2008/588/CBES[3], agus Cinntí 2010/461/CBES[4], 2012/699/CBES[5], (CBES) 2015/1837[6], (CBES) 2018/298[7] agus (CBES) 2020/901[8]. Ba cheart leanúint den tacaíocht sin a thugann an tAontas.

PUBLIC

---

1 Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2006/243/CBES ón gComhairle an 20 Márta 2006 maidir le tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí Choimisiún Ullmhúcháin Eagraíocht an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBTO) i réimse na hoiliúna agus an fhothaithe acmhainneachta maidir le fíorú agus faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais i gcoinne leathadh arm ollscriosta (IO L 88, 25.3.2006, lch. 68).

2 Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2007/468/CBES ón gComhairle an 28 Meitheamh 2007 maidir le tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí Choimisiún Ullmhúcháin Eagraíocht an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBTO) chun a chumais faireacháin agus fíoraithe a neartú agus faoi chuimsiú chur chun feidhme straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne leathadh arm ollscriosta (IO L 176, 6.7.2007, lch. 31).

3 Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/588/CBES ón gComhairle an 15 Iúil 2008 maidir le tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí Choimisiún Ullmhúcháin Eagraíocht an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBTO) chun a chumais faireacháin agus fíoraithe a neartú agus faoi chuimsiú chur chun feidhme straitéis an Aontais i gcoinne leathadh arm ollscriosta (IO L 189, 17.7.2008, lch. 28).

4 Cinneadh 2010/461/CBES ón gComhairle an 26 Iúil 2010 maidir le tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí Choimisiún Ullmhúcháin Eagraíocht an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBTO) chun a chumais faireacháin agus fíoraithe a neartú agus faoi chuimsiú chur chun feidhme straitéis an Aontais i gcoinne leathadh arm ollscriosta (IO L 219, 20.8.2010, lch. 7).

5 Cinneadh 2012/699/CBES ón gComhairle an 13 Samhain 2012 maidir le tacaíocht an Aontais do ghníomhaíochtaí Choimisiún Ullmhúcháin Eagraíocht an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBTO) chun a chumais faireacháin agus fíoraithe a neartú agus faoi chuimsiú chur chun feidhme straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne leathadh arm ollscriosta (IO L 314, 14.11.2012, lch. 27).

6 Cinneadh (CBES) 2015/1837 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2015 maidir le tacaíocht an Aontais do ghníomhaíochtaí Choimisiún Ullmhúcháin in Eagraíocht an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBTO) chun a chumais faireacháin agus fíoraithe a neartú faoi chuimsiú chur chun feidhme straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne leathadh arm ollscriosta (IO L 266, 13.10.2015, lch. 83).

7 Cinneadh (CBES) 2018/298 ón gComhairle an 26 Feabhra 2018 maidir le tacaíocht an Aontais do ghníomhaíochtaí Choimisiún Ullmhúcháin Eagraíocht an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBTO) chun a chumais faireacháin agus fíoraithe a neartú agus faoi chuimsiú chur chun feidhme straitéis an Aontais i gcoinne leathadh arm ollscriosta (IO L 56, 28.2.2018, lch. 34).

8 Cinneadh (CBES) 2020/901 ón gComhairle an 29 Meitheamh 2020 maidir le tacaíocht an Aontais do ghníomhaíochtaí Choimisiún Ullmhúcháin in Eagraíocht an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBTO) chun a chumas faireacháin agus

(8) Ba cheart cur chun feidhme teicniúil an Chinnidh seo a chur ar iontaoibh Choimisiún Ullmhúcháin CTBTO arb é an t-aon eagraíocht idirnáisiúnta a bhfuil sé de chumas aige agus a bhfuil an dlisteanacht aige an Cinneadh seo a chur chun feidhme ar bhonn a chuid saineolais agus a chuid cumas uathúil trí líonra an Chórais Faireacháin Idirnáisiúnta (IMS), lena gcuimsítear níos mó ná 337 saoráid ar fud an domhain agus tríd an Ionad Sonraí Idirnáisiúnta (IDC). Ní féidir na gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón Aontas a mhaoiniú ach amháin trí ranníocaíocht sheachbhuiséadach le Coimisiún Ullmhúcháin CTBTO,

PUBLIC

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

fíoraithe a neartú faoi chuimsiú chur chun feidhme straitéis an Aontais i gcoinne leathadh arm ollscriosta (IO L 207, 30.6.2020, lch. 15).

*Airteagal 1*

1. D'fhonn an Straitéis maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais agus an Compás Straitéiseach um Shlándáil agus Cosaint a chur chun feidhme, tabharfaidh an tAontas tuilleadh tacaíochta do ghníomhaíochtaí Choimisiún Ullmhúcháin CTBTO trí ghníomhaíocht oibríochtúil.

2. Is é a bheidh i gcuspóirí na gníomhaíochta dá dtagraítear i mír 1:

(a) cumais chóras faireacháin agus fíorúcháin CTBT a neartú;

(b) cumais na Stát is Sínitheoirí le CTBT a neartú chun a bhfreagrachtaí maidir le fíorú faoi CTBT a chomhlíonadh agus chun cur ar a gcumas tairbhe iomlán a bhaint as a rannpháirtíocht i gcóras CTBT;

(c) feasacht a mhúscailt maidir le CTBT agus a uiliú agus a theacht i bhfeidhm a chur chun cinn;

3. Leagtar amach tuairisc mhionsonraithe ar an ngníomhaíocht san Iarscríbhinn.

*Airteagal 2*

1. Beidh an tArdionadaí do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Is é Coimisiún Ullmhúcháin CTBTO a dhéanfaidh cur chun feidhme teicniúil na gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur i gcrích.

PUBLIC

3. Déanfaidh Coimisiún Ullmhúcháin CTBTO an cúram sin faoi fhreagracht an Ardionadaí. Chun na críche sin, rachaidh an tArdionadaí i mbun na socruithe is gá le Coimisiún Ullmhúcháin CTBTO.

PUBLIC

*Airteagal 3*

1. Is é ... a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh chur chun feidhme na gníomhaíochta arna mhaoiniú ag an Aontas dá dtagraítear in Airteagal 1.

2. Déanfar an caiteachas a mhaoineofar leis an méid tagartha a leagtar amach i mír 1 a bhainistiú i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar dhea-bhainistiú an chaiteachais a mhaoineofar leis an méid dá dtagraítear in mír 1. Chun na críche sin, tabharfaidh sé i gcrích comhaontú ranníocaíochta le Coimisiún Ullmhúcháin CTBTO. Leagfar síos sna comhaontuithe ranníocaíochta go n-áiritheoidh Coimisiún Ullmhúcháin CTBTO infheictheacht ranníocaíocht an Aontais, i gcomhréir lena méid.

4. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí sa phróiseas sin agus maidir leis an dáta a thabharfar an comhaontú i gcrích.

*Airteagal 4*

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha rialta ó Choimisiún Ullmhúcháin CTBTO. Beidh na tuarascálacha sin mar bhonn don mheastóireacht a dhéanfaidh an Chomhairle.

2. Soláthróidh an Coimisiún faisnéis faoi ghnéithe airgeadais chur chun feidhme na gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 1.

*Airteagal 5*

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag 36 mhí tar éis thabhairt i gcrích an chomhaontaithe dá dtagraítear in Airteagal 3(3). Rachaidh sé in éag 6 mhí tar éis dháta a theacht i bhfeidhm, áfach, mura dtabharfar comhaontú i gcrích laistigh den tréimhse sin.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC